Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2025

Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 2

Coincheapa
Ceapadóireachta Digití

[GDG21]

GDG21

DÉ MÁIRT 3 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 120 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **5**.

14562.02

Do Cheist 1 cuir an litir chuí isteach sa spás a chuirtear ar fáil.

1 **(a)** Is féidir roinnt comhad a stóráil mar *PDF*anna. Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *PDF*?

A *Portable Data Format*

B *Portable Data File*

C *Portable Document File*

D *Portable Document Format*

Freagra _____ [1]

(b) Is féidir breiseáin a úsáid le feidhmchláir dhigiteacha uaireanta. Cad é is breiseán ann?

A Cineál comhaid a chuidíonn le húsáideoir logáil isteach ina ghléas digiteach

B Píosa de bhogearraí a chuireann gnéithe breise ar fáil d'fheidhmchlár

C Tasc slándála is gá don úsáideoir a chur i gcrích sula ndéanann sé feidhmchlár a shuiteáil

D Uirlis a úsáidtear le cuidiú le suíomhanna gréasáin a chruthú ar ríomhaire táibléid

Freagra _____ [1]

(c) Úsáideann forbróirí gréasáin *HTML* le leathanaigh ghréasáin a chruthú. Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *HTML*?

A *HyperText Markup Link*

B *HyperText Multi Link*s

C *HyperText Markup Language*

D *HyperText Multi Language*

Freagra _____ [1]

(d) Roghnaigh an ráiteas a dhéanann cur síos ceart ar fheidhmchlár trasardáin.

A Feidhmchlár nach bhfuil ábalta rith ach ar aon chineál amháin de ghléas digiteach

B Feidhmchlár a ritheann ar aon chóras oibriúcháin nó aon ghléas digiteach amháin

C Feidhmchlár atá ábalta rith ar an iliomad gléasanna digiteacha agus córas oibriúcháin

D Feidhmchlár nach bhfuil ar fáil ach le rith ar bhrabhsálaí gréasáin

Freagra _____ [1]

(e) Roghnaigh an ghné bunachair sonraí a úsáidtear le haschur a chur i láthair d'úsáideoir i bhformáid shothuigthe.

A Foirm

B Ceanntásc

C Macra

D Tuairisc

Freagra _____ [1]

(f) Roghnaigh an ghné a úsáidtear le bunachar sonraí agus feidhmchláir próiseála focal a nascadh le chéile le cuidiú le haschur pearsantaithe a chruthú do chustaiméirí nó do chliaint eile.

A Macra

B Postchumasc

C Tuairisc

D Foirm

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(g) Roghnaigh an ghné bunachair sonraí a úsáidtear le ligean d'úsáideoirí sonraí a ionchur i dtábla bunachair sonraí.

A Tuairisc

B Foirm

C Macra

D Réimse

Freagra _____ [1]

(h) Roghnaigh an fhormáid chomhaid a úsáidtear le taifeadtaí fuaime a stóráil.

A avi

B mp3

C png

D rtf

Freagra _____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

2 **(a)** Is minic a úsáidtear scéalchláir agus córais dhigiteacha á bhforbairt.

Sa tábla thíos, cuir tic (✓) taobh le **ceithre** ráiteas atá FÍOR faoi scéalchláir.

Ráiteas	**Tic (✓)**
Bíonn mioneolas ar dhathanna cúlra agus ar íomhánna cúlra i scéalchláir	
Úsáideann scéalchláir saigheada lena léiriú an dóigh a bhfuil leathanaigh i bhfeidhmchlár nasctha le chéile	
Bíonn mioneolas i scéalchláir ar cheannteidil a úsáidtear le sonraí a stóráil	
Is léaráid é scéalchlár a thugann mioneolas ar inneachar amhail suíomh an téacs agus suíomh na gceannteideal	
Is féidir scéalchlár a úsáid lena thaispeáint don úsáideoir an áit a mbeidh íomhánna lonnaithe	
Cuireann scéalchláir mioneolas ar fáil ar ghléasanna ionchuir a úsáidtear le hidirghníomhú leis na feidhmchláir	
Léiríonn scéalchláir an áit a bhfuil cnaipí nascleanúna lonnaithe ar scáileán	

[4]

(b) Agus córais nua á bhforbairt, ní mór na sprioc-úsáideoirí a shainaithint.

Cad é a chiallaíonn an téarma sprioc-úsáideoirí?

_____

_____

_____ [2]

(c) Úsáideann forbróirí réimse d'eilimintí dearaidh agus iad ag dearadh feidhmchláir ilmheán.

Tarraing líne leis na heilimintí dearaidh a chuirtear ar fáil sa liosta thíos a mheaitseáil leis an chuspóir cheart. (Ní féidir gach cuspóir a úsáid ach aon uair amháin)

Eilimintí Dearaidh	**Cuspóir**
Amlíne	Léiríonn sé na conairí éagsúla i bhfeidhmchlár is féidir le húsáideoir dul tríothú
Fréamhshamhail	Cuireann sé réiteach páirtchomhlánaithe ar fáil don úsáideoir
Léaráid struchtúr nascleanúna	Tábla ina bhfuil liosta d'ainmneacha comhaid, cineálacha comhaid agus na háiteanna ar cruthaíodh na comhaid ar dtús
Foinsí íomhánna	Sraith íomhánna a úsáidtear lena thaispeáint ord na radharc i scannán nó i mbeochan

[4]

(d) Agus iad ag forbairt feidhmchláir bunachair sonraí, is minic a úsáidfidh forbróirí foclóir sonraí. Sainaithin **trí** rud a chuirfeadh forbróir san áireamh i bhfoclóir sonraí.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

3 Cuidíonn comhéadain duine-ríomhaire le húsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le gléasanna digiteacha.

Is iomaí cineál comhéadain atá ann.

(a) Cineál amháin de chomhéadan ná *GUI*. Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *GUI*?

_____ [1]

(b) Cuir síos ar gach ceann de na páirteanna seo a leanas de chomhéadan *WIMP*.

Fuinneog _____

_____

_____

Deilbhín _____

_____

_____

Roghchlár _____

_____

_____

Pointeoir _____

_____

_____ [8]

Úsáideann roinnt córais dhigiteacha comhéadain teanga nádúrtha le go mbeidh úsáideoirí ábalta treoracha a chlóscríobh nó a labhairt sa ghnáth-theanga.

(c) (i) Sainaithin **dhá** bhuntáiste a bhaineann le comhéadain teanga nádúrtha.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

(ii) Sainaithin **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le comhéadain teanga nádúrtha.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Ar na cineálacha eile de chomhéadain úsáideora, tá comhéadain rianaithe gluaisne agus scáileáin tadhaill.

Tarraing líne le gach ceann de na gníomhaíochtaí atá liostaithe thíos a mheaitseáil leis an chomhéadan ab fhearr a chuideodh le húsáideoir an tasc atá leagtha amach a chomhlánú. (Ní féidir gach comhéadan a úsáid ach aon uair amháin)

Gníomhaíochtaí	**Comhéadan**
Leadóg fhíorúil a imirt le cara trí chluiche ríomhaire a úsáid	*GUI*
Aip a roghnú agus teachtaireacht a sheoladh chuig cara ar ghuthán póca	rianú gluaisne
Treoracha labhartha a úsáid le scairt ghutháin a chur ar ghuthán póca nuair atáthar ag tiomáint cairr	comhéadan teanga nádúrtha
Feidhmchlár próiseála focal a lainseáil ar ríomhaire deisce	scáileán tadhaill

[4]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

4 **(a)** Cuireann *Pampered Pets* seirbhís feighlíochta peataí ar fáil. Úsáideann siad bunachar sonraí coibhneasta le cuntas a choinneáil ar na hainmhithe a chláraítear gach lá.

Liostaigh **trí** chineál gaoil a úsáidtear le táblaí a nascadh le chéile i mbunachar sonraí.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(b) Úsáidtear *ERD* lena thaispeáint na naisc idir táblaí i mbunachair sonraí ina bhfuil níos mó ná aon tábla amháin.

Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *ERD*?

_____ [1]

(c) Glacann *Pampered Pets* le háirithintí faoi choinne aon lae amháin nó níos mó ná sin san am.

Taispeántar cuid de gach ceann de na trí thábla sa bhunachar sonraí.

OwnerTBL

OwnerID	FirstName	SecondName	HouseNum	Street	Town	PostCode
OW0001	Jack	Smith	56	Main Street	Belfast	BT4 6YH
OW0002	Ann	Black	54	Bridge End	Bangor	BT19 8YH
OW0003	Brian	Brown	8	South Street	Lisburn	BT27 4RF
OW0004	Joan	Jones	23	Prince Avenue	Belfast	BT3 9JJ
OW0005	Simon	White	15	West Road	Belfast	BT2 8SB
OW0006	Alex	Smythe	12	Riverdale Place	Bangor	BT20 9OP

PetTBL

PetID	PetName	PetType	OwnerID
PT0001	Fluffy	Cat	OW0001
PT0002	Barney	Large Dog	OW0002
PT0003	Rusty	Small Dog	OW0002
PT0004	Moz	Medium Dog	OW0003
PT0005	Tabby	Cat	OW0001
PT0006	Buster	Small Dog	OW0006
PT0007	Rex	Large Dog	OW0004
PT0008	Prince	Cat	OW0004
PT0009	Basil	Cat	OW0005

BookingTBL

BookingID	PetID	StartDate	NumDays
BK0001	PT0001	13/01/2025	3
BK0002	PT0001	20/01/2025	2
BK0003	PT0005	27/01/2025	1
BK0004	PT0001	14/02/2025	3
BK0005	PT0003	15/02/2025	1
BK0006	PT0001	22/02/2025	2
BK0007	PT0002	14/03/2025	1
BK0008	PT0006	15/03/2025	2
BK0009	PT0009	21/03/2025	2

D'fhéadfadh go mbeadh eochracha príomhúla agus eochracha iasachta i dtáblaí i mbunachar sonraí coibhneasta.

Sa tábla thíos, luaigh cé acu is sampla d'eochair phríomhúil nó d'eochair iasachta atá i ngach réimse ón bhunachar sonraí.

Ainm Réimse	Suíomh Réimse	Eochair Phríomhúil / Eochair Iasachta
BookingID	BookingTBL	
PetID	BookingTBL	
OwnerID	OwnerTBL	

[3]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Úsáideann an t-úinéir ar *Pampered Pets* iarratais le faisnéis úsáideach a fháil óna bhunachar sonraí.

(i) Cén **dá** thábla i mbunachar sonraí *Pampered Pets* a úsáideadh le hiarratas a chruthú a tháirgeann an t-aschur a thaispeántar thíos.

FirstName	SecondName	PetName	PetType
Jack	Smith	Fluffy	Cat
Jack	Smith	Tabby	Cat
Ann	Black	Barney	Large Dog
Ann	Black	Rusty	Small Dog
Brian	Brown	Moz	Medium Dog
Joan	Jones	Rex	Large Dog
Joan	Jones	Prince	Cat
Simon	White	Basil	Cat
Alex	Smythe	Buster	Small Dog

_____

_____ [2]

(ii) Comhlánaigh an dearadh iarratais a thaispeántar thíos le cuidiú le *Pampered Pets* mioneolas a thaispeáint ar chustaiméirí ar úinéirí cait as Béal Feirste (*Belfast*) iad.

Field	FirstName	SecondName	PetName	PetType	Town
Criteria					

[2]

(iii) Comhlánaigh an dearadh iarratais a thaispeántar thíos le cuidiú le *Pampered Pets* mioneolas a thaispeáint ar chustaiméirí as Beannchar (*Bangor*) nó Lios na gCearrbhach (*Lisburn*) a bhfuil cait acu.

Field	**FirstName**	**SecondName**	**PetName**	**PetType**	**Town**
Criteria					
or					

[4]

(iv) Ba mhaith le *Pampered Pets* iarratas a úsáid leis an chostas iomlán ar chuairt gach peata a ríomh. Is é £20.00 an táille in aghaidh an lae.

Comhlánaigh an ráiteas thíos le cuidiú leo an costas sin a ríomh.

Field	**FirstName**	**SecondName**	**PetName**	**StartDate**	**NumDays**	**TotalCost:**
Criteria						

TotalCost: _____ [1] _____ [1] _____ [1]

[3]

[Tiontaigh an leathanach

(e) Úsáideann roinnt bunachair sonraí *SQL* le hiarratais a chruthú.

Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *SQL*?

_____ [1]

(f) **(i)** Comhlánaigh an ráiteas *SQL* seo a leanas le cuidiú leis na húinéirí cuardach a dhéanamh ar na hainmneacha agus na cóid phoist iomlána a bhaineann le gach custaiméir as Béal Feirste.

SELECT _____ [1]

FROM _____ [1]

WHERE _____ [1]

(ii) Comhlánaigh an ráiteas *SQL* seo a leanas le cuidiú leis na húinéirí cuardach a dhéanamh ar an PetID a bhaineann le gach peata atá cláraithe leo i ndiaidh 20 Márta 2025.

SELECT PetID

FROM _____ [1]

WHERE StartDate _____ [1] _____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

5 Taispeánann an tábla thíos cuid de bhunachar sonraí a úsáidtear le scóir daltaí i dtrialacha a stóráil. Úsáid an sampla seo le míniú a thabhairt ar na téarmaí iomarcaíocht sonraí agus sláine sonraí.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Student ID	First Name	Second Name	Subject	Test Score
1001	Jane	Smith	Digital Technology	76
1023	Brian	Jones	Mathematics	68
1001	Jame	Smith	Mathematics	80
1023	B	Jones	Digital Technology	90
1001	Jane	Smith	Biology	70
1023	Brian	Jones	Biology	87
1023	Brian	Jones	Chemistry	67
1023	Jane	Smith	Physics	79

[6]

6 Bíonn gnéithe idirghníomhacha ilmheán i bhfeidhmchláir amhail an r-thráchtáil (siopadóireacht ar líne), na meáin shóisialta agus an chluichíocht.

(a) **(i)** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma ilmheáin.

_____

_____

_____ [2]

(ii) Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma idirghníomhach.

_____

_____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(b) Leis an tábla thíos a chomhlánú, cuimsigh **aon** bhuntáiste **amháin** agus **aon** mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis na gnéithe a úsáidtear i ngach ceann de na feidhmchláir a thaispeántar.

R-thráchtáil		
Gné	**Buntáiste**	**Míbhuntáiste**
Íocaíocht ar líne		
Uirlisí taispeána íomhá m.sh. rothlú íomhá 360° / físeán		

[4]

Na Meáin Shóisialta		
Gné	**Buntáiste**	**Míbhuntáiste**
Áiseanna Seiceáil isteach/ Roinnt suímh		
Leathanaigh agus fógraí a chruthú le táirge nó imeacht a chur chun cinn		

[4]

(c) Ina lán feidhmchláir chluichíochta anois, tá úsáideoirí ábalta cluichí idirghníomhacha a imirt ar líne.

Cuir síos ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le cluichíocht idirghníomhach ar líne.

1. _____

_____

2. _____

_____ [4]

[Tiontaigh an leathanach

7 **(a)** Bíonn hipirtéacs i suíomhanna gréasáin. Luaigh cé acu atá gach ráiteas faoin hipirtéacs FÍOR nó BRÉAGACH leis an tábla thíos a chomhlánú.

Ráiteas	**FÍOR / BRÉAGACH**
Is téacs é a bhíonn le feiceáil ar an scáileán nuair a dhéanann úsáideoir an luch a ainliú os cionn íomhá ar leathanach gréasáin	
Is nasc é ar féidir cliceáil air le doiciméad a oscailt ar leathanach gréasáin	
Is cód é is féidir a úsáid le leathanach gréasáin a chruthú	
Is téacs é a úsáidtear le naisc a chruthú chuig inneachar eile ar leathanach gréasáin	
Is faisnéis é is féidir a úsáid le haiseolas a thabhairt d'úsáideoirí agus iad ag comhlánú foirme ar leathanach gréasáin	

[5]

(b) **(i)** Luaigh **aon** fháth **amháin** a spreagtar forbróirí le fillteáin a úsáid leis an inneachar a chuirfidh siad le leathanach gréasáin a bhainistiú.

_____

_____ [1]

(ii) Luaigh **aon** phíosa comhairle **amháin** eile a chuirfeá ar fhorbróir gréasáin le cuidiú leis íomhánna, físeáin agus inneachar eile atá á gcur aige le leathanach gréasáin a shainaithint mar is ceart.

_____

_____ [1]

(c) Sainaithin **dhá** ghné is féidir a chur le suíomhanna gréasáin le go mbeidh sé níos éasca d'úsáideoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu rochtain a dhéanamh orthu.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

(d) Úsáid na focail atá liostaithe thíos leis na habairtí a chomhlánú faoin dóigh a gcuirtear cód i bhfeidhm i script a úsáidtear ar leathanaigh ghréasáin.
(Ní féidir gach ceann de na focail a chuirtear ar fáil a úsáid ach aon uair amháin).

athdhéanamh **roghnú** **seicheamhú** **coinníoll**

Is féidir feidhmchláir a dhearadh ar dhóigh nach gá ach roinnt línte cóid a rith má

chomhlíontar _____ áirithe, is sampla é sin

de _____.

Nuair a ritear línte cóid arís agus arís eile, is sampla é sin

de _____.

Nuair a ritheann línte cóid ceann i ndiaidh a chéile ó thús deireadh, tugtar

_____ air sin. [4]

[Tiontaigh an leathanach

8 **(a)** Chruthaigh Sam na leathanaigh ghréasáin agus na fillteáin seo a leanas mar chuid de shuíomh gréasáin do ghnólacht áitiúil.



Tá an íomhá customer.jpg stóráilte san fhillteán a bhfuil images air.

Cuir an litir chuí sa spás chuige sin lena léiriú cé acu líne de chód *HTML* a d'úsáidfí leis an íomhá a chur isteach i leathanach gréasáin.

A <img src="customer.jpg">

B <img src="images/customer.jpg">

C <img src="images - customer.jpg">

D <img src="images, customer.jpg">

Freagra _____ [1]

(b) Tá Sam ag cruthú suíomh gréasáin do theagascóir ceoil. Ba chóir go mbeadh an téacs is mó ar an leathanach sa cheannteideal ag barr an tsuímh gréasáin.

Cé acu stíl cheannteidil ba chóir do Sam a úsáid, <h1> nó <h6>?

_____ [1]

(c) Cuirtear an liosta seo a leanas le leathanach gréasáin.

- Coffee
- Tea
- Milk

Cuir an litir chuí sa spás chuige sin lena léiriú cé acu de na píosaí seo a leanas de chód *HTML* a d'úsáidfí leis an liosta sin a chruthú.

`<ol>`
`  <li>Coffee</li>`
`  <li>Tea</li>`
`  <li>Milk</li>`
`</ol>`
	`<ul>`
	`  <li>Coffee</li>`
	`  <li>Tea</li>`
	`  <li>Milk</li>`
	`</ul>`

A	**B**

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Cuirtear an tábla a thaispeántar thíos le leathanach gréasáin.

Music Lesson Schedule (1 May 2025)

Student	Instrument	Lesson Time
Sam	Clarinet	9:00
Alex	Piano	10:00
Jean	Flute	11:00

Cuir an litir chuí sa spás chuige sin lena léiriú cé acu de na píosaí seo a leanas de chód *HTML* a d'úsáidfí leis an tábla sin a chruthú.

```
<h2>Music Lesson Schedule (1 May 2025)</h2>

<table bg color = "white" border = "1">
  <tr>
    <th>Student</th>
    <th>Instrument</th>
    <th>Lesson Time</th>
  </tr>
  <tr>
    <td>Sam</td>
    <td>Alex</td>
    <td>Jean</td>
  </tr>
  <tr>
    <td>Clarinet</td>
    <td>Piano</td>
    <td>Flute</td>
  </tr>
    <tr>
    <td>9:00</td>
    <td>10:00</td>
    <td>11:00</td>
  </tr>
</table>
```

A

```
<h2>Music Lesson Schedule (1 May 2025)</h2>

<table bg color = "white" border = "1">
  <tr>
    <th>Student</th>
    <th>Instrument</th>
    <th>Lesson Time</th>
  </tr>
  <tr>
    <td>Sam</td>
    <td>Clarinet</td>
    <td>9:00</td>
  </tr>
  <tr>
    <td>Alex</td>
    <td>Piano</td>
    <td>10:00</td>
  </tr>
    <tr>
    <td>Jean</td>
    <td>Flute</td>
    <td>11:00</td>
  </tr>
</table>
```

B

Freagra _____ [1]

(e) Mínigh an fáth nach bhfuil an comhad a thaispeántar thíos fóirsteanach le híomhá a thaispeáint ar leathanach gréasáin.

location_image.bmp

_____

_____

_____ [2]

(f) Tá an téacs a thaispeántar thíos le feiceáil ar leathanach gréasáin mar hipearnasc chuig www.mywebsite.com.

<u>MyWebsite</u>

Cuir an litir chuí sa spás chuige sin lena léiriú cé acu líne de chód *HTML* a d'úsáidfí leis an hipearnasc a chur leis an leathanach gréasáin mar is ceart.

A Mywebsite

B <href="www.mywebsite.com"> Mywebsite</href>

C MyWebsite

D <href="www.mywebsite.com"> MyWebsite</href>

Freagra _____ [1]

(g) Oibríonn roinnt pacáistí ilmheán trí ríomhchlárú imeachtaí a úsáid. Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma ríomhchlárú imeachtaí.

_____

_____

_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

(h) Úsáideann roinnt forbróirí gréasáin *CSS* leis an dóigh a dtaispeántar inneachar ar leathanaigh ghréasáin a rialú.
Cad é dó a seasann na litreacha Béarla *CSS*?

_____

_____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

9 **(a)** Tá cur chuige atriallach ag an chuid is mó de na forbróirí feidhmchláir i leith tástála. Cad é a chiallaíonn an téarma tástáil atriallach?

_____

_____ [2]

(b) Baineann na téarmaí atá liostaithe thíos le tástáil agus luacháil a dhéanamh ar fheidhmchláir ilmheán.

Agus na téarmaí sa liosta thíos in úsáid agat, roghnaigh an t-aon téarma amháin is fearr a thagann leis an tsainmhíniú nó leis an phróiseas sa cholún ar chlé (ní úsáidfear gach téarma).

Tástáil feidhmiúlachta **Tástáil Nascleanúna** **Riachtanais úsáideora**

Tástáil A/B **Tástáil córais** **Tástáil struchtúir**

Alfa-thástáil **Béite-thástáil**

Sainmhíniú / Próiseas	**Téarma**
Dhá leagan den fheidhmchlár chéanna a chruthú le haiseolas a fháil ó ghrúpa úsáideoirí deiridh	
Doiciméad ina bhfuil liosta tascanna ba chóir d'fheidhmchlár a bheith ábalta a chur i gcrích	
A chinntiú go gcuireann feidhmchlár an t-ionchur agus an t-aschur ceart ar fáil	
Próiseas a chuireann ríomhchláraitheoir i gcrích lena chinntiú go bhfeidhmíonn an cód mar is ceart	
A sheiceáil go ndéanann gach nasc chuig leathanaigh ghréasáin sheachtracha an t-úsáideoir a thabhairt go dtí an áit chuí	

[5]

(c) Cén dóigh ar féidir le forbróir luacháil a dhéanamh ar fheidhmchlár ilmheán a bhfuil roinnt íomhánna ann?

_____

_____

_____ [2]

(d) Sainaithin **trí** chineál de shonraí a mbeifeá ag dúil leo a bheith san áireamh i bplean tástála éifeachtach.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

14562.02/2